Gaeltacht Dheo na nDéise

Eagrán 4 **31/03/09**

Céiliúradh Lá an Phátrúin

D'eagraigh Comhairle Pobail na Rinne céiliúradh le haghaidh Lá an Phátrúin ar an 6 Nollaig 2008. Lá iontach a bhí ann, bhí tae agus caifé ar fáil do na tuismitheoirí, seó draíochta leis na Fanzini Brothers ó Chiarraí, cochaill á dhíol trí ghaoluinn, cúinne bréagáin do na leanaí óga agus tóraíocht taisce ar fáil do na páistí a bhí níos sine, fiú amháin tháinig San Nioclás chuig an gcéiliúradh chun na páistí a fheiscint! D'éirigh go hiontach leis an lá. Ba mhaith leo buíochas a ghabháil le Comhairle Chontae Phort Láirge agus Údarás na Gaeltacht a thug urraíocht don Chomhairle Pobail chun an lá seo a eagrú. Comhairle Pobail na Rinne organised a celebration of the "Pattern Day" on the 6th of December last. It was a fantastic day, there was tea and coffee for the parents, magic show by the Fanzini Brothers, hoodies and books in Irish on sale, toy corner for the toddlers and a treasure hunt for the older children. Even Santa came along to see all the children and join in on the celebrations! A great day was had by all. They would like to thank Waterford County Council and Údarás na Gaeltachta for their kind sponsorship.

Istigh san Eagrán seo: Inside this issue.

Céiliúradh Lá an Phátrúin.	1
Deireadh le ré Bhean Uí Bhroin i Scoil Náisiúnta Bhaile Mhic Airt.	2
Imeachtaí Sheachtain na Gaeilge. Tráth na gCeist	3
Dioscó le haghaidh na ndéagóirí	3
Lá Fhéile Pádraig	4

Na Fanzini Brothers ó Chiarraí lena seó draíochta as Gaoluinn! The Fanzini Brothers from Kerry with their Irish magic show!

Daidí na Nollag ina chabán sa Halla. Tháinig líon millteach mór páistí chun é a fheiscint! Santa in his cabin in the Halla. A huge number of children came to see him on the day!

Na Fanzini Brothers ar an stáitse. Bhain na páistí go léir an-taitneamh as an seó iontach gaelach seo! The Fanzini Brothers on stage. The children enjoyed this Irish show immensely on the day!

Do bhain na páistí an oiread san taitnimh as gur shíleamar go rabhadar chun dul suas ar an stáitse leo! The children enjoyed this show so much that we thought they'd raid the stage.

Luaithríona is í ag obair go crua ag díol na gcochall Gaeilge. Cinderella who worked hard selling the irish hoodies.

Deireadh le ré Bhean Uí Bhroin i Scoil Náisiúnta Bhaile Mhic Airt.

Ar an Luan 12 Eanair tháinig deireadh le ré, nuair a d'fhág Nóirín Uí Bhroin SN Bhaile Mhic Airt, áit gur mhúin sí páistí an tSean Phobail le roinnt blianta anuas. Ar an Aoine 9 Eanair bhailigh slua mór le chéile i Halla Colmáin sa Sean Phobal chun slán agus beannacht a fhágáil léi. I measc an tslua bhí daltaí, tuismitheoirí, iarscoláirí, foireann na scoile agus an bord bainistíochta. Chan na páistí amhráin agus dhein siad aithris ar dhánta, a chum siad féin maidir le Nóirín agus an chabhair a thug sí dóibh, thar na blianta. Bronnadh císte le hinscríbhinn speisialta, bláthanna agus píosa álainn gloine don tigh ar Nóirín, chomh maith lena lán bronntanas pearsanta eile. Réitigh Coiste na dTuismitheoirí bia don ócáid agus bhí a lán milseán ann do na páistí. Cé go raibh uaigneas ar Nóirín a bheith ag fágáil, chuir an oíche lúcháir uirthi, agus ghabh sí buíochas le gach duine as ucht teacht. Monday 12th January saw the end of an era when Nóirín Uí Bhroin left SN Baile Mhac Airt, where she taught the children of An Sean Phobal for a number of years. On Friday 9th January a large crowd gathered in Halla Colmáin in Sean Phobal to say goodbye and wish her well. Those attending including pupils, parents, past-pupils, members of staff and board of management. The children sang songs and recited poems that they themselves had composed about Nóirín, and the help she had given them over the years,. Nóirín was presented with a cake with a special inscription, flowers and a lovely glass piece for her home, along with many other personal gifts. The parents committee prepared food for the occasion and there were lots of sweets for the children. Although Nóirín was sad to leave, she was delighted with the occasion and thanked everyone for coming.

Nóirín Uí Bhroin leis an Athair Ó Ceallaigh, Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta agus foireann oibre Scoil Náisiúnta Bhaile Mhic Airt. Nóirín Uí Bhroin with Father Kelly, Chairman of the Board of Management and work force of Scoil Náisiúnta Bhaile Mhic Airt.

Cuid de na hiarscoláirí a bhí ag Bean Uí Bhroin a tháinig chun slán a fhágáil léi. Some of Bean Uí Bhroin's past pupils who came to say goodbye.

An císte álainn a bronnadh ar Bhean Uí Bhroin. The beautiful cake that was presented to Bean Uí Bhroin.

Na páistí go léir ag canadh leis an múinteoir Caitlín Tóbin, a mhúineann an sean nós dóibh ,tríd an scéim Dúthaigh Gheal Déise. All children singing with their sean nós teacher Caitlín Tóibín employed through Dúthaigh Gheal Déise).

Cuid den slua a bhí ann chun slán a fhágáil le Bean Uí Bhroin. Some of the crowd that attended to say goodbye to Bean Uí Bhroin.

Imeachtaí Sheachtain na Gaeilge

Tráth na gCeist Doiro

D'eagraigh an tÁisitheoir Pobail agus Bord an Chontae Tráth na gCeist mar cheann de na himeachtaí do Sheachtain na Gaeilge 2009. Tháinig slua deas chuig an Local chun páirt a ghlacadh sa chomórtas. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Comhairle Chontae Phort Láirge a thug urraíocht dúinn do na duaiseanna agus do Bhord an Chontae as ucht na hurraíochta comh maith le muintir an Local a chuir áis agus ceapairí ar fáil do Thráth na gCeist. Míle buíochas libh go léir as ucht bhur gcabhrach. The Community Development Officer and the County Board organised a Table Quiz as one of the events for Seachtain na Gaeilge. A nice crowd arrived to the table quiz that was held in "The Local" in Dungarvan. We would like to thank Waterford County Council and the County Board for sponsoring the prizes to the Local itself who let us hold the quiz there and who made sandwiches for it. Míle buíochas as ucht bhur gcabhair go léir.

Buaiteoirí Thráth na gCeist a bhí ann le déanaí agus fear a' tí Domhnall Ó Murchadha. The winners of "Tráth na gCeist" that was held recently with the fear a' tí Domhnall Ó Murchadha.

An bord a tháinig sa dara háit i dtráth na gceist. The table that came in second place in the table quiz.

An bord a tháinig sa triú háit ar an oíche. The table that came third on the night.

Dioscó do dhéagóirí an cheantair.

Táimid tar éis cúpla dioscó a chuir ar bun le déanaí sa cheantar agus tá an slua ag méadú an t-am ar fad. Baineann na déagóirí antaitneamh as na dioscónna úd agus anois tá siad ag éileamh go mbeidís ar siúl níos minicí fiú!! Bhí ceann eagraithe le haghaidh na Nollag agus ceann eile le haghadh Seachtain na Gaeilge. Míle buíochas le hÚdarás na Gaeltachta agus le Déiselink a thugann cabhair dúinn leis na costaisí. We are after organizing a couple of discoes in the area recently and the crowd is always growing larger. The teenagers really enjoy the discoes and it has even got to the stage that they are now demanding that they be organised on a more regular basis!! There was one organised for Christmas and another for Seachtain na Gaeilge. We would like to thank Údarás na Gaeltachta and Déiselink for their help in relation to costs.

Táimid ar an idirlíon!
We're on the web!
www.deise.ie

Údarás na Gaeltachta

Laochra – Club Dornálaíocht Choise / Laochra Kickboxing Club

Tá dornálaíocht choise á múineadh gach Déardaoin i Halla Pobail na Rinne ó 6.30i.n. go dtí 7.30i.n. Má tá suim agat ina leithéid ní gá duit ach teacht chuig an Halla ar an Déardaoin. Is féidir le gach éinne idir leanaí, dhéagóirí, agus dhaoine fásta páirt a ghlacadh sa spóirt iontach seo. Cosnaíonn sé €5 an duine in aghaidh an ranga. Más maith leat píosa craic agus spóirt agus tú ag éirí aclaí, bí ann, agus bí cinnte buidéal mór uisce a thabhairt leat!! Níos mó eolas ó Anne-Marie de Búrca ar 058 46752 nó 087 9141494. Kickboxing is being taught in Halla Pobail na Rinne from 6.30pm until 7.30pm. If you are interested in such an activity all you have to do is arrive at Halla Pobail na Rinne every Thursday to it. There is a fee of €5 a person to be paid. Everyone from children to adults can partake in this. If you like to have a bit of craic and sport while getting fit this is the place for you, however be sure to bring a big bottle of water with you!!! For more information please contact Anne-Marie de Búrca on 058 46752 or 087 9141494.

Lá Fhéile Pádraig—Bunchlub na Rinne.

Bunchlub na Rinne

Ba mhaith linn comhgháirdeachas a dhéanamh le Bunchlub na Rinne a bhuaigh an duais "An flót is fearr as Gaeilge" sa pharáid ar Lá Fhéile Phádraig. Bhí an flót a bhí istigh acu go hiontach ar fad. Is léir go raibh an-obair curtha isteach ann. Comhghairdeachas libh agus leanaigí oraibh leis an obair iontach atá ar siúl agaibh! We would like to congratulate Bunchlub na Rinne who won the "Best float in Irish" for the fantastic float that they had in the St. Patricks Day parade. You could see that a lot of work had gone into the float. Congratulations to you all and continue with your fantastic work.

Pictiúr den fhlót agus de na páistí iontacha a bhí ag an mBunchlub sa pharáid le haghaidh Lá Fhéile Pádraig. Is féidir an chúis gur bhuadar an duais "An flót is fearr as Gaeilge" a thuiscint gan aon dabht!. Pictures of the brilliant float and children that the Bunchlub had in the St. Patricks Day Parade. You can see the reason as to why they won the prize for "Best Float in Irish".